



**Union of Students in Ireland**  
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

**Written Submission to the Department of Education and Skills**

**Díolúine ón nGaeilge**

**Comhairliúchán Poiblí**

1. Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Bunaíodh cumann náisiúnta na mac léinn tríú leibhéal, Aontas na Mac Léinn in Éirinn in 1959. Déanann Aontas na Mac Léinn in Éirinn ionadaíocht ar níos mó ná 374,000 mic léinn ó thuaidh go dheas. An sprioc atá ag an eagraíocht ná cearta na mac léinn a chosaint. Bíonn Aontas na Mac Léinn in Éirinn ag déanamh stocaireachta chun cearta na mac léinn a chosaint agus a fheabhsú sa chóras oideachais.

2. Réamhra

Ghlac 1,545 daoine páirt i súirbhé Aontas na Mac Léinn in Éirinn faoin nGaeilge sa chóras oideachais. D'fheastal 83.5% de na fhreagóirí ar méanscoil lán-Bhéarla. Dúirt 54% de na fhreagóirí nar chuirtear béim ar an teanga taobh amuigh den rang ar chor ar bith. Tá sé an-soiléir go bhfuil gá le forbairt curaclaim. An polasaí atá ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn ná go mbeadh sé níos fearr athrú a dhéanamh don chúrsa. Bheadh dhá ábhar i gceist leis sin.

1. Teanga na Gaeilge
2. Stair agus Litríocht na Gaeilge

Bheadh Teanga na Gaeilge éigeantach ach bheadh rogha acu maidir le Stair agus Litríocht na Gaeilge. Bheadh na dánta, prós agus stair na Gaeilge páirteach don chúrsa nua. Chuirtear ceist ar ball Aontais na Mac Léinn in Éirinn faoi díolúine, beidh an aiseolas sin mar chuid den ráiteas.

3. Díolúintí

Is léir go mbíonn tacaíocht bhreise ag teastáil do daoine le deacrachtaí foghlama agus daoine le míchumais. “New AHEAD research has shown that students with disabilities now make up over 5% of the total student population in higher education in Ireland” (Heelen, 2017).



**Union of Students in Ireland**  
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

Maidir le deacrachtaí foghlama ní dhéanann sé ciall go mbeadh díolúine ag dalta agus é/i/iad ag staidéar teanga eile sa bhreis ar an mBéarla. Bíonn sé deacair do daoine le disléisce teanga a fhoghlaim, ach le tacaíocht bíonn siad in ann. Bíonn sé ró-deacair do daoine le disléise trom chun teangacha a fhoghlaim agus mar sin bheadh gá le díolúine.

Bheadh Aontas na Mac Léinn in Éirinn buarta faoin chóras maidir le díolúintí. Ní féidir le héinne a bheith claonnta agus iad ag déanamh an cinneadh sin.

#### 4. Stádas an Churaclaim

Ní bhíonn daltaí in ann stadéar a dhéanamh ar cuid den cúrsa agus iad ag streacailt. Nuair a bhí athrú déanta don churialaim an sprioc a bhí ann ná béim a chur ar labhairt na teanga. Dar le na daoine a ghlac páirt sa suirbhé, na gnéithe is fearr faoin gcúrsa ná:

- Comhrá ginéarlta leis an mbéaltrial
- Na haistí agus ag díriú ar rudaí ábharaíocha a bhí i mbéal an phobail
- Filíocht agus stair
- Díospóireachtaí sa rang

Tá sé soléir ó na torthaí go gcaithimid forbairt a dhéanamh. Na moltaí atá ag teacht ná:

“The course should be remodelled to be taught more like other languages, such as French. The course is almost entirely about reading literature and encourages the learning off of phrases rather than actually learning and engaging with the language. I think literature should be an optional stream, and the main course should be mainly focused on grammar and speaking, like it is in subjects such as French”

“Focus on speaking, stream classes so people who are dyslexic, struggling with speaking or have Irish as their third language only focus on being able to speak it”

“More fun interactive things through Irish, speaking Irish promoted more outside of classroom, better, modern, useful vocabulary being taught”

Is léir go bhfuil riachtanais difriúla ag daoine le deacrachtaí foghlama agus mar sin bheadh sé níos fearr deis a thabhairt do daoine cuid den cúrsa a dhéanamh.




**Union of Students in Ireland**  
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

### 5. An Ghaeilge sa Chóras Oideachais

An raibh béim ar an teanga taobh amuigh den seomra ranga – mar shampla, i ndrámáí, sa chlós scoile, nó i gcluichí?/Was there much emphasis on the language outside of the classroom - for example, in dramas, in the school yard, or in games?

Answered: 1,467 Skipped: 78



Is léir ón aiseolas go bhfuil easpa tacaíocht ar fáil do daoine óga agus iad ag foghlaim an Ghaeilge don chéad uair. Ní bhíonn tuismitheoirí in ann tacú leo agus tá easpa seirbhísí ar fáil dóibh.

*“When I first moved to Ireland I was 10. My 4th class teacher gave me a beginners Irish book and told me to learn it and I never heard about it again until my mum collected me from school the day of the leaving cert mocks. The Irish exam was the last one of the day so I was gonna go home early. My vice principal stopped us and asked why I wasn’t in the Irish exam. Apparently I didn’t have an exemption and should have been in the Irish classes the whole time I was in school, I was usually let study instead. I dunno what happened about it but I didn’t sit the Irish exam anyway”*

Nuair a bhronnadh díolúine ón nGaeilge, ní bhíonn rogha eile ar fáil don dalta. Is minic a bhíonn siad ag stadéar agus an rang ar siúl. D’fhéadfaí imeachtaí a eagrú de daoine le díolúine ach is léir go mbíonn easpa seirbhísí sna scoileanna. Is cúis inní nach mbíonn tacaíocht ar fáil do daoine as tíortha eile leis an nGaeilge. Ba chor go mbeadh polasaí oideachas curtha i bhfeidhm chun tacaíocht a chur ar fáil don chlann.

*“My younger brother was 3 when we moved here so he learnt Irish from his first day of school. no one at home could ever help him as none of us had any Irish so we couldn’t support him at all. It all felt like a very weird set up”*



**Union of Students in Ireland**  
*Aontas na Mac Léinn in Éirinn*

Ba chor go mbeadh béim curtha ar an teanga taobh amuigh den seomra ranga agus go mbeadh déiseanna tugtha chun an Ghaeilge a labhairt. Chomh maith leis sin is léir go bhfuil gá le tacaíocht bhreise do na scoileanna. Bheadh sé an-deacair don mhúinteoir chuile rud a láimhseáil gan tacaíocht. Ní féidir le duine amháin rang a mhúineadh agus imeacht/rang eile a eagrú do daoine le díolúine.

*“I was actually really happy that I wasn’t able to study Irish because there were no supports in place to help me outside of the classroom. I know I would have really struggled with it. I felt like I was missing out but mainly because the teacher wouldn’t let me in the room with the rest of my year so I had to go find a place to sit for a few hours a week”*

Ba chor go mbeadh seirbhísí ar fáil don dalta, don chlann agus don mhúinteoir maidir leis an teanga. Is cúis náire go mbeadh eachtraí mar sin ar siúl sa lá atá inniu ann. Caithfidh go mbeadh polasaí réadúil curtha i bhfeidhm.

*“I personally think exemptions are needed for those with learning difficulties and those international students. I think students can feel like they are forced to do the language, but would be concerned about how a big change could affect the numbers studying. I think an educational psychologist is needs to be involved but the process can be far too slow”*

Is é an síceolaí oideachais an duine is oiriúnaí chun cinneadh a dhéanamh maidir le díolúine. Tá tuairim na múinteoirí agus na tuismitheoirí an-tábhachtach leis an gcinneadh sin chomh maith.

## 6. Críoch

-Tá gá le deiseanna taobh amuigh den seomra ranga chun cleachtadh a dhéanamh agus úsáid a bhaint as an teanga.

-Ba chor go mbeadh daoine in ann triail a bhaint as an gcúrsa, le béim curtha ar labhairt na Gaeilge.

-Tá tacaíocht agus polasaí oideachais ag teastáil do daoine óga as tíortha eile agus iad ag foghlaim na Gaeilge.

-Nuair a bronnadh díolúine ar éinne, ba chor go mbeadh rang eile/imeach eagraithe dóibh.

Teangmháil: [gaeilge@usi.ie](mailto:gaeilge@usi.ie)